An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0028/2022**

**Chuig: Boird Bainistíochta agus Príomhoidí Bunscoileanna Aitheanta**

# "Cuir Fáilte roimh Theangacha" - Modúl Sampla Teanga 2022/23

## 1. Réamhrá - Cuspóir an chiorcláin seo

Tugann an Ciorclán seo eolas ar an Modúl Sampla Teanga "Cuir Fáilte roimh Theangacha" do scoileanna aitheanta, idir scoileanna Béarla agus Gaeilge, agus scoileanna speisialta ina measc, don bhliain scoile 2022/23.

## 2. Cúlra

Le linn an tsamhraidh 2021, thug an tAire cuireadh do bunscoileanna aitheanta suim a léiriú i dtaobh páirt a ghlacadh i modúl sampla teangacha bunscoileanna a bheadh sé seachtaine ar fad. Thug breis is 500 bunscoil freagra, 'sé sin breis is 2,000 rang agus 40,000 dalta. Chuir Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (TIÉ) an modúl ar fáil i dtrí chéim: Samhain/Nollaig 2021, Feabhra/Márta 2022, agus Aibreán/Bealtaine 2022.

Bhí an aiseolas ó scoileanna an chéad chéim thar a bheith dearfach, agus ós rud é sin tá sé i gceist go leanfar leis an modúl seo a chuir ar fáil do bhunscoileanna le linn na bliana scoile 2022/23 agus athruithe ar leith déanta air bunaithe ar mholtaí agus rudaí ar foghlaimíodh ó chéim 1.

Tá an cúlra ó thaobh polasaí de maidir le tabhairt isteach nuatheanga iasachta i gCuraclam athfhorbartha Bunscoile le fáil in Languages Connect – Ireland's Strategy for Foreign Languages in Education 2017 – 2026. Molann an páipéar Cúlra CNCM Integrating modern foreign languages in a redeveloped primary curriculum, arna foilsíodh i 2019, tabhairt isteach samhail Feasacht Teanga do Chéim 3: Ranganna 3 agus 4, agus moltar samhail inniúlachta teanga mar rogha bhreise ag Céim 4: Ranganna 5 agus 6. Cuireann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile an CNCMar chumas bunscoileanna oideachas teangacha iasachta a thabhairt isteach agus a leabú.

## 3. An Modúl 2022/2023

Mar chuspóirí an Modúil Sampla Teanga, tá

- Tuiscint a fhorbairt i measc daltaí ar an réimse teangacha a úsáideann a bpiaraí, ina measc Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, ina scoileanna agus ina bpobail, rud a bheidh ina chabhair ag treisiú an chuimsithe agus an ilchineálachta sa sochaí;
- Foghlaim teangacha a spreagadh ar leibhéal iarbhunscoile;
- Deiseanna a sholáthar do chomhobair i bpobal na scoile maidir le ceiliúradh a dhéanamh ar theangacha agus ar chultúir éagsúla;
- Tacú le cur i bhfeidhm Languages Connect, Straitéis na hÉireann do Theangacha Iasachta san Oideachas 2017-2026.

Tá an modúl seo do ranganna sinsir (ranganna 3, 4, 5, agus 6) i mbunscoileanna agus, le linn 2022/23, leanfaidh sé ar feadh 8 seachtaine. Roghnóidh an scoil teanga ar mian leo bunaithe ar chúinsí déimeagrafacha agus scoile.

I measc na teangacha a roghnaíodh don mhodúl i 2021/22 tá:  Fraincis, Spáinnis, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ), Gearmáinis, Iodáilis, Mandairínis, Rómáinis, Araibis, Liotuáinis, Polainnis, Taimílis, agus Portaingéilis.

Is féidir an modúl 2022/23 a úsáid chun tacú le scoláirí nua-thagtha ón Úcráin a imeascadh inár scoileanna, trí Úcráinis a aithint ar cheann de theangacha an seomra ranga nó trí Úcráinis a mhúineadh le linn an mhodúil.

Reáchtálfar na ranganna i rith an gnáth-amchláir scoile, chun méid iomlán 8 n-uaire thar 8 seachtaine a bhaint amach.  Is féidir gach uair teagaisc in aghaidh na seachtaine a dhéanamh mar rang amháin ar fhad uair nó ceachtanna níos giorra (m.sh. dhá rang ar fhad leath-uair a’ chloig) a mhaireann uair ina iomláine.

Is féidir le múinteoirí atá ann sa scoil cheana an ceacht a mhúineadh, nó is féidir le duine ar leith a aithníonn an scoil iad mar theagascóir chuí (m.sh. múinteoir teanga/Cúntóir Teanga Iasachta in iar-bhunscoil áitiúil, ball pobail a bhfuil líofa sa teanga roghnaithe, m.sh. tuismitheoir).  Déanfaidh gach teagascóir teanga a gcuid oibre faoi stiúir an mhúinteoir ranga de réir an chomhairle atá le fáil i gCiorclán 0042/2018, maidir le grinnfhiosrúchán Gardaí agus riachtanais cosanta páistí eile.

Tá gach fáilte roimh scoileanna a ghlac páirt sa mhodúl i 2021/22 cur isteach arís, agus is féidir leo teanga difriúil a roghnú más fearr leo.

## 4. Maoiniú

Íocfar deontas ar uasmhéid €1,600 le scoileanna a ghlacann páirt sa mhodúl mar seo a leanas:

- Seomra ranga amháin ag glacadh páirt, €400
- 2 sheomra ranga, €800
- 3 sheomra ranga, €1,200
- 4 seomra ranga nó breis is sin, €1,600

Socróidh na scoileanna cúrsaí íocaíochta leis an dteagascóir seachtrach aitheanta ar thabhairt sonraisc dóibh, má tá sin oiriúnach. Is féidir le scoileanna agus teagascóirí breathnú ar na rátaí in aghaidh na h-uaire a shainítear i gcáipéisíocht scálaí pá na Ranna Oideachais, a bhfuil ar fáil ag: https://www.gov.ie/en/publication/84856-salary-scales/

Má bhaineann scoileanna leas as a mbaill foirne féin chun an modúl a chuir i gcrích, úsáidfear an deontas chun acmhainní a cheannach agus/nó gníomhaíochtaí eile a mhaoiniú fad is go dtacaíonn siad le spriocanna an mhodúil.

## 5. Oiliúint

Cuirfear oiliúint ar fáir do gach teagascóir a ghlacann páirt chun tacú leo agus iad ag múineadh an mhodúil. Cuirfidh Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (TIÉ) oiliúint ar fáil ar-líne lasmuigh de uaireanta scoile. Tá gach fáilte roimh nasc-phearsa na scoile, na múinteoirí a bhfuil ag óstáil an mhodúil, agus ionadaithe de chuid na bainistíochta páirt a ghlacadh i seisiúin eolais a chuireann TIÉ ar fáil.

## 6. Acmhainní

Cuirfear gach acmhainn a bhfuil ag teastáil chun an modúl a mhúineadh ar fáil do na ranganna agus na teagascóirí a ghlacann páirt.

## 7. Iarratais

Sula gcuireann siad isteach, is fearr do scoileanna:

- Teanga ar leith a roghnú, ina measc siúd Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ)

- socrúcháin a dhéanamh chun teagascóir teanga a fháil (m.sh. múinteoir ranga atá sa scoil cheana féin, cúntóir teanga nó múinteoir teanga ó iar-bhunscoil/ball pobail de chuid na scoile nó ón bpobal mór, ina measc siúd tuismitheoirí/caomhnóirí na bpáistí) a bhfuil líofa sa teanga roghnaithe

- cinneadh a dhéanamh ar an méid ranganna a bhfuil siad ag iarraidh cuir isteach lena h-aghaidh, agus é ar intinn acu go bhfuil an modúl sampla dírithe ar dhaltaí i ranganna 3 go dtí 6, agus, ó thaobh mhaoinithe de, glacfar le rang a mheascann dhá ghrúpa ó bhlianta ar leith mar aonad amháin (féach thíos an alt Maoiniú agus Íocaíocht le h-aghaidh sonraí bhreise ar chistí mhaoinithe)

- cinneadh a dhéanamh a dteagascóir a spreagadh chun páirt a ghlacadh san oiliúint a chuirfidh TIÉ ar fáil. Tá gach fáilte roimh nasc-phearsa na scoile, na múinteoirí a bhfuil ag óstáil an mhodúil, agus ionadaithe de chuid na bainistíochta páirt a ghlacadh i seisiúin eolais a chuireann TIÉ ar fáil.

Agus an iarratas á chuir isteach acu, tiomnófar scoileanna chun:

- an modúl a chuir i gcrích le linn tréimhsí áirithe (déanfaidh TIÉ comhairle an fearr don scoil páirt a ghlacadh i dtéarma 1, 2, nó 3 le linn na bliana scoile) agus don líon iomlán uaireanta
- Aiseolas a chur ar fáil agus cúirteanna scoile a dhéanann foireann TIÉ a éascú
- Sonraí a chuir ar fáil maidir le cén chaoi a scaipfear an eolas agus a chuirfear chun cinn í
- Bheith i dteagmháil le TIÉ chun an modúl a chuir i bhfeidhm go rathúil
- Aon sonraí eile is cuí a chuir ar fáil le linn tréimhsí áirithe (m.sh. sonraí cuntais bainc na scoile más gá iad chun an airgead maoiniúcháin a íocadh d'iarratasóirí a éiríonn leo)

Is féidir eolas breise ar an Modúl Sampla Teangacha Bunscoile, ina measc siúd na h-acmhainní don chlár, a fháil anseo

**Ba chóir d’aon scoil a bhfuil suim acu páirt a ghlacadh sa mhodúl le linn na bliana scoile 2022/23 iarratas a dhéanamh ANSEO.**https://www.surveymonkey.com/r/Say_Yes_to_Languages_sampler_module_2022_2023

**‘Sé dáta deiridh le iarratas a chuir isteach ná 5 i.n. ar: 11 Bealtaine 2022.**

Mar eolas, díchumasófar an nasc don fhoirm iarratais i ndiaidh an dáta deiridh. Ní ghlacfar le h-iarratais nár comhlíonadh go h-iomlán iad. Ní ghlacfar le h-aon iarratas i ndiaidh an dáta deiridh.

## 8. Próiseas Roghnúcháin

Ní h-aon rud cinnte é go roghnófar aon scoil a chuireann isteach, agus cuirfidh an Roinn/TIÉ painéal ar bun le h-iarratais a mheas de réir na critéir seo a leanas:

- Cur isteach foirm iarratais comhlíonta um an dáta deiridh
- Ilchineálacht sna sprioc-theangacha a chuirfear isteach lena h-aghaidh
- Tá sé ar chumas na scoile ó thaobh foirne inmheánaigh de an modúl a chuir i gcrích.
- Is féidir leis an scoil sonraí teagmhála an teagascóir a chuir ar fáil.
- Chomhlíon an scoil riachtanais an chláir roimhe seo agus chuireadar aiseolas i bhfeidhm mar a iarradh orthu
- Is féidir leis an scoil sonraí i dtaca an iarratais a chuir ar fáil chun léiriú conas a scaipfear agus a chuirfear chun cinn an teanga a roghnaigh siad
- Tá an scoil tiomanta le teagascóirí agus múinteoirí atá ag óstáil a spreagadh chun páirt a ghlacadh san oiliúint
- Tá an scoil tiomanta le aiseolas a thabhairt agus cúirteanna scoile a éascú
- Tiomantas an modúl a chuir i gcrích le linn na tréimhsí a sainíodh agus don líon iomlán uaireanta
- Tiomantas coinneáil i dteagmháil le TIÉ

- Féachfaidh an Roinn chuige go bhfuil dáileadh ar fud na tíre agus i measc comhthéacsanna éagsúla scoile ag na scoileanna agus iad ag cinntiú an liosta críochnaithe iarratasóirí rathúla. Déanfar meastachán ar an scoil ar na critéir thuasluaite, agus beidh tús áite ag an scoil a ghnóthaíonn na marcanna is airde.

## 9. Cur ar an eolas

Cuirfear aon scoil a roghnaítear le páirt a ghlacadh sa chlár ar an eolas faoin 30/06/2022

## 10. Ceisteanna

Is fearr ceisteanna i dtaobh an chláir "Cuir Fáilte roimh Theangacha" a chuir de r-phost ag: primary@ppli.ie.
Ba cheart ceisteanna maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh de r-phost ag: CAP_helpdesk@education.gov.ie.

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh idirlíne an Roinn Oideachas ag gov.ie/education.

Evelyn O'Connor.
Príomhoifigeach
Aonad Polasaí Curaclaim agus Measúnaithe

19 Aibreán 2022